
An Coimisiún Eorpach

#EURoad2Sibiu




Bealtaine 2019

# Dul chun cinn i gcúrsaí eacnamaíocha

## I DTREO AONTAS NÍOS AONTAITHE, NÍOS LÁIDRE AGUS NÍOS DAONLATHAÍ

De bharr chlár oibre uaillmhianach an Aontais maidir le poist, fás agus infheistíocht agus de bharr na hoibre atá déanta ag an Aontas ar an margadh aonair, tá téarnamh láidir eacnamaíoch anois ann. Tá fás tagtha ar gheilleagar na hEorpa le sé bliana i ndiaidh a chéile. Cruthaíodh tuairim is 12.6 milliún post ó bhí tús Choimisiún Juncker ann agus ní raibh an ráta dífhostaíochta chomh híseal céanna aon uair le linn an chéid seo. San am céanna, tá feabhas tagtha ar chúrsaí airgeadais phoiblí i ngach réimse, agus tá laghdú ag teacht arís ar an éagothromaíocht maidir le dáileadh an rachmais idir na Ballstáit.

## FÁS LÁIDIR AGUS MÉADÚ INFHEISTÍOCHTA

Le blianta beaga anuas, tá tréimhse an téarnaimh eacnamaíoch curtha di ag an Eoraip agus tá a geilleagar anois ag méadú.

### FÁS EACNAMAÍOCH
san Aontas agus sa limistéar euro

Timpeall **2 %** an ráta fáis san Aontas agus sa limistéar euro le blianta beaga anuas.


Bhí fás eacnamaíoch i ngach Ballstát in 2018.

Tá an tAontas agus an limistéar euro ag fás le **24** ráithe anuas


D'ainneoin na ndúshlán domhanda, táthar ag súil go leanfaidh an tAontas ar aghaidh ag fás in 2019 agus in 2020

## Tá an olltáirgeacht intíre (OTI) ag méadú de réir a chéile

athrú % ar an bhfíor-OTI




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat, seachas na réamhaisnéisí).



**49%**


**Tá tuairim dhearfach ag muintir na hEorpa i leith staid reatha an gheilleagair Eorpaigh.**

38 % tuairim dhiúltach

13 % an céatadán nach fios dóibh

*Foinse:* Eorabharaiméadar, Fómhar 2018.

## Tá an táscaire braistinte eacnamaí níos airde ná riamh




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

## Faoi 2020, leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha:


**An leibhéal infheistíochta** atá anois ann, tá sé cothrom leis **an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim** agus tá sí **ag méadú go seasta**

**infheisteofar**
**€500**
**billiún sa bhreis**
ar fud na hEorpa

cruthófar
**1.4**
milliún post

**Tiocfaidh méadú**
**1.3 %**
ar OTI an Aontais

### Méadú ag teacht ar an infheistíocht
athrú % ar leibhéal na hinfheistíochta i gcomparáid le 2008




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat, seachas na réamhaisnéisí).

Nóta: is réamhaisnéisí iad sonraí 2019 agus 2020.


## TUILLEADH POST AGUS POIST NÍOS FEARR

Dóigh le sprioc a bhaint amach is ea an fás eacnamaíoch, agus sprioc amháin a baineadh amach a bhuí leis an bhfás sin is ea gur neartaíodh gné shóisialta na hEorpa.

### Tá an geilleagar ag téarnamh agus tá líon mór post ag teacht de sin
An líon post a cruthaíodh ó bhí 2008 ann, sna milliúin daoine

**12.6**
**milliún post**


a cruthaíodh san Aontas ó bhí tús Choimisiún Juncker ann




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat, seachas na réamhaisnéisí).

## Tá an dífhostaíocht ag laghdú

% den daonra gníomhach





Cé go bhfuil sí fós ró-ard i mBallstáit áirithe, **tá an dífhostaíocht ar an leibhéal is ísle** san Aontas trí chéile ó bhí tús an chéid ann.

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat).

## Tá an leibhéal dífhostaíochta i measc daoine óga ag laghdú

% den daonra gníomhach





*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**Is airde ná riamh** atá **ráta fostaíochta** na hEorpa

Tá **240 milliún duine ag obair** ar fud an Aontais seo againn

## Tá an ráta fostaíochta ag méadú

% den daonra in aois oibre




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat).


## AIRGEADAS POIBLÍ FÓNTA

Tá dul chun cinn nach beag déanta a chinntíonn go bhfuil airgeadas poiblí na hEorpa fónta, inbhuanaithe agus in ann suaitheadh sa todhchaí a sheasamh.

### Tá an t-easnamh poiblí ag laghdú sna Ballstáit
% OTI

Laghdaigh **easnamh na rialtas** san Aontas ó

**6.6% → 0.6%**
2009 2018




AE28
An limistéar euro


Nóta: is réamhaisnéisí iad sonraí 2019 agus 2020.
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat, seachas na réamhaisnéisí).

### Tá fiachas na rialtas ag laghdú
% OTI



Tháinig laghdú ar an gcóimheas idir **easnamh na rialtas** agus OTI

ó **88.3%**
in 2014 go
**81.5 %**
in 2018





AE28
An limistéar euro

Nóta: is réamhaisnéisí iad sonraí 2019 agus 2020.
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach (Eurostat, seachas na réamhaisnéisí).

**1**

Níl ach **Ballstát** amháin fós **sa Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach** faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, i gcomparáid le 24 Bhallstát in 2011




Trí úsáid a bhaint **as an tsolúbthacht atá ann laistigh de rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis**, bhíothas in ann an chothromaíocht cheart a aimsiú idir beartais fhioscacha fhónta a bhaint amach agus tacú leis an bhfás, go háirithe trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochta.

A bhuí leis an tsolúbthacht fhioscach fhoriomlán a ceadaíodh, tuigtear ó mheastacháin a rinneadh gur cuireadh borradh **0.8 % faoi OTI an Aontais le ceithre bliana anuas agus gur cruthaíodh thart ar 1.5 milliún post.**


*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

## RÓL AN EURO

Tagann cobhsaíocht agus sochar follasach as úsáid an euro. Tá ról domhanda an euro ag teacht i dtreis.

### Tacaíocht don euro i measc saoránaigh sa limistéar euro, %

**Tacaíonn trí cheathrú** de na saoránaigh sa limistéar euro **leis an airgeadra aonair**. Is é sin an **céatadán is mó riamh**.




*Foinse:* Eorabharaiméadar, Fómhar 2018.




san Aontas

úsáidtear é i **19** mBallstát

úsáideann **340** milliún duine san Eoraip é

ar domhan

**60**
tá **a n-airgeadra** pionnáilte go díreach nó go hindíreach leis an euro ag **60** tír agus críoch lasmuigh den Aontas


**an 2ú** hairgeadra is mó úsáid ar domhan

tá dea-theist air i dtaca le **cobhsaíocht praghsanna**

gabhann timpeallacht ghnó **intuartha** leis

**175**
**175 mhilliún** duine

### An sciar de na híocaíochtaí domhanda a dhéantar in euro, %




### Mar gheall ar an euro, tá an gnáthshaol agus cúrsaí gnó i bhfad níos fusa ag muintir na hEorpa:

- **cobhsaíocht praghsanna**: boilsciú faoi bhun 2 % ar an meán
- **margaí níos trédhearcaí agus níos iomaíche:** is éasca praghsanna a chur i gcomparáid le chéile
- **costais taistil níos ísle**: ní ann a thuilleadh do tháillí malartaithe airgid
- **níos mó trádáil trasteorann:** tá deireadh le costais rátaí malairte
- **níos lú úis le híoc sna Ballstáit de bharr an euro:** suas le €70 billiún sa bhliain

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.


Print ISBN 978-92-76-06855-6 doi:10.2775/691546 NA-01-19-394-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-06726-9 doi:10.2775/46056 NA-01-19-394-GA-N